

SMARTFAN[®]

DEVELOPED by IQDESIGN

Tabhair faoi deara

- » Níl gá le foinse seachtrach fuinnimh;
- » Níl aon chostas lena úsáid;
- » Cuireann sé aer te ag gluaiseacht sa spás maireachtála go héifeachtach;
- » Raon teochta 65°C - 330°C;
- » Tréan gan gá le cothabháil;
- » Sábháilte, ciúin;
- » Barántas 5 bliana leis.




Is gaireas é an SmartFan a fheabhsaíonn go mór timpeallú na teasa ó shorn dóite chrua-bhreosla ar bhealach ciúin glan éifeachtach, faoina chumhacht féin. Aonad ginte teirmileictreach (TEM), a thugann cumhacht don ghaireas, trí dhromchla te an tsoirn a úsáid le sruth leictreach a chur ag iompú dhá lann ghaothráin. In ionad éirí láithreach i dtreo an tsíleáil, cuirtear an teas díreach isteach sa spás maireachtála, ag cothú leibhéal níos fearr compoird agus úsáid éifeachtach bhreosla. Oibríonn an gaireas ar phrionsabal simplí: dá theo é an bun is dá fhuaire é an barr, is ea is mó a gintear leictreachas.

Chun an táirge is mó a ghineadh, fítear sa dearadh seo gaiothrán aiseach ar barr a choinníonn an chuid seo níos fionnuaire, chomh maith leis an teas a sheoladh chuig an spás maireachtála. Tríd an gaiothrán seo a úsáid i gcomhair le lann gaiothrán tosaigh faoin dearadh aeradinimiceach, cuireann an SmartFan an t-aer ag gluaiseacht ar luas chomh tapaigh le 200 troigh ciúbach in aghaidh an nóiméid.



MAR A OIBRÍONN SÉ

Nuair a cuirtear dhá theocht éagsúla le seoltóir leictreach, ceadáíonn an seoltóir teas a aistriú chuig an taobh is teo. Sa phróiseas seo teas-aistriúcháin bogann an fuinneamh teirmeach iompróirí lucht sna seoltóirí. Seo é an próiseas (a ngairtear Feidhm Seebeck de) a ghineann an sruth leictreach sa SmartFan. Ach sa phróiseas féin, tá an lucht ar aon mhillín amháin an-bheag. Ní mór millíní comhlántacha deimhneacha is diúltacha (P agus N) a úsáid chun an táirge voltas aschuir a mhéadú. Nuair a cuirtear le chéile dhá sheoltóir éagsúla le chéile, ceann faoi lasta deimhneach (P) agus ceann faoi lasta diúltach (N), ligtear saor an sruth leictreach le sreabhadh ó bhloc go bloc. Is talamh slán é gur ina sraith le chéile atá na blocanna, agus sa chaoi sin cuireann gach bloc leis an sruth leictreach. Fágann sin gurb ionann an voltas aschuir agus lucht aon bhloic méadaithe faoi líon na mblocanna.



AN CHUID IS FEARR A FHÁIL Ó SHORN DÓITE CHRUA-BHREOSLA

Is dual do shrutha téite aeir éirí. Dá bharr sin, is gnách go ngineann sorn dóite chrua-bhreosla pátrún teasa ina ghaobhar gairid. Is ionann san is a rá gur gá dóthain chrua-bhreosla a úsáid le spás maireachtála sheomra a théamh is is gá dá thoisí airde, faide is leithne. Díríonn an SmartFan an t-aer téite go héifeachtach ar an áit is gá, agus dá bharr sin tá sé níos eacnamúla ná sorn dóite chrua-bhreosla dá éagmais. Tosaíonn an SmartFan ar fheidhmiú nuair a cuirtear ar bharr soirn nó pláta te é, agus cothaíonn sé dhá shruth chomhiompracha teolaí i dtimpeallacht an tseomra. Dá thoradh sin, teiltgear aer te, gan siorradh gaoithe ar bith, isteach sa spás maireachtála, agus téitear an seomra i bhfad níos tapúla.

Dá mhéid táirge teasa an ghairis is ea is mó luas na lann gaothrán, is dá mhéid dá réir sin a ciorclaítear an t-aer teolaí. Agus os a choinne sin, de réir mar a fhuaraíonn an dromchla, moillítear na lanna mar an gcéanna, chomh maith le ciorcalú an aeir. Agus ó thosaíonn sé as féin, stopann sé as féin leis, agus de réir a chéile sa dá chas. Is ar íseal toirc iad na hinnill féin, rud a fhágann gurb éasca na lanna a stopadh, agus nach baol ar bith iad sa tigh.

SMARTTEMP

Infrared Thermometer


An uirlis iontach le haghaidh úsáid le adhmaid agus fearas a dhó breosla soladach. Go cruinn bearta ó achar an teocht dromchla an sorn agus / nó píopaí múchán.



SMART SENSE

CO Alarm

Beidh gléas simplí agus éifeachtach a d'fhéadfadh a bheith balla nó uasteorainn suite agus a rabhadh éifeachtach an láthair Aonocsaíde Carbóin a chur ar fáil.



SMARTBURN

Moisture Meter

Is gléas simplí agus éifeachtach a chuireann ar chumas an cion taise de connadh a bheith le cinneadh.



Other related
Smart Products
in the range include: